WAB

Water Advisory Body



# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2022



# Clár Ábhair

| | |
|---|---|
| **Ráiteas ón gCathaoirleach** | **4** |
| **Achoimre Fheidhmeach** | **5** |
| **Ballraíocht an CCU agus tinreamh ag cruinnithe** | **6** |
| **Beathaisnéisí na mBall** | **7** |
| **Táillí** | **9** |
| **Gníomhaíochtaí** | **10** |
| **Gníomhaíochtaí Eile** | **15** |
| **Acmhainní & Caiteachas** | **19** |
| **Téarmaí Tagartha** | **20** |



**Paul McGowan** *Cathaoirleach*

# Ráiteas ón gCathaoirleach

Is í seo an ceathrú tuarascáil bhliantúil ón gComhlacht Comhairleach Uisce (an CCU), a bhaineann leis an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022.

Bunaíodh an Comhlacht Comhairleach Uisce (CCU) in 2018 mar Chomhlacht Stáit neamhspleách le dhá phríomhról. Is é an chéad ról ná chun tuairisc a thabhairt ar cé chomh maith is atá Uisce Éireann (Irish Water)* ag feidhmiú agus is é an dara ról ná chun cabhair a thabhairt le muinín an phobail in Uisce Éireann a spreagadh. Leagadh amach socruithe freagrachta nua d'Uisce Éireann san Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2022 (Uimh. 39 de 2022), a síníodh ina dhlí ar an 7 Nollaig 2022. Mar gheall ar an méid sin, cuirfear deireadh le feidhmeanna comhairleacha agus tuairiscithe an CCU agus tiocfaidh díscaoileadh an CCU i bhfeidhm ón 28 Aibreán 2023. Mar sin, is í seo an ceathrú tuarascáil agus an Tuarascáil Bhliantúil dheireanach ón CCU.

Rinne an CCU tréaniarracht tuairisceoireacht oibiachtúil oscailte ar fheidhmíocht Uisce Éireann a chur ar fáil le cúig bliana anuas, le muinín an phobail in Uisce Éireann a mhéadú. Chuir an CCU an t-eolas ina dtuarascálacha i láthair ag baint úsáid as teanga shimplí, saor ó bhéarlagair, ar mhaithe le soiléireacht agus simplíocht tuisceana, a mhéid a bhí sé indéanta. Dhíríomar ar sheachadadh bonneagair, laghdú agus éifeachtacht costais, feabhas i gcáilíocht uisce, polasaí maidir le soláthar agus freagrúlacht ar riachtanais an phobail. Bhaineamar úsáid as sraith Eochairtháscairí Feidhmíochta a roghnaíodh chun léargas d'fheidhmíocht Uisce Éireann atá fiúntach agus bunaithe ar fhianaise a sholáthar. Rinne an CCU anailís ar thuarascálacha atá ar fáil go poiblí, chomh maith le hiniúchadh saincheaptha agus suirbhéanna ar thomhaltóirí.

Tá sé agus beidh sé tábhachtach don Choiste um Chuntais Phoiblí, don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, don Choimisiún um Rialáil Fóntais agus an Fóram Uisce imscrúdú a dhéanamh ar Uisce Éireann agus dúshláin leanúnacha a chur roimhe chun seirbhísí ardchaighdeáin uisce agus fuíolluisce, comhlíonadh timpeallachta agus torthaí éifeachtacha, dírithe ar an tomhaltóir, a chur ar fáil.

D'fhoilsigh an CCU cúig thuarascáil le linn 2022, liostaithe thíos:

- Tuarascáil Ráithiúil CCU Uimh. 1 de 2022
- Tuarascáil Ráithiúil CCU Uimh. 2 de 2022
- Tuarascáil Ráithiúil CCU Uimh. 3 de 2022
- Tuarascáil Bhliantúil CCU 2021
- Suirbhé ar Chustaiméirí Uisce Éireann

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na comhaltaí boird eile as a ndúthracht agus a dtiomantas ó 2018 i leith agus le Rúnaíocht an CCU as a gairmiúlacht agus a dúthracht dhochloíte.

Ar shon na mball, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Uisce Éireann, an Coimisiún um Rialáil Fóntais, agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil as cloí le hiarratais faisnéise éagsúla ón CCU. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin le comhlachtaí, gníomhaireachtaí agus Ranna eile a thacaigh le hobair an CCU le linn na tréimhse seo.

Tabhair faoi deara gur foilsíodh Tuarascáil Ráithiúil CCU Uimh. 4 de 2022 ar an 2 Márta 2023 agus mar sin ní chuimsítear í mar chuid den Tuarascáil seo.

D'fhaomh baill an CCU an tuarascáil seo ar an 20 Aibreán 2023.

**Paul McGowan**
*Cathaoirleach*

20 Aibreán 2023

***Nóta:** Ón 1 Eanáir 2023, is é Uisce Éireann an t-ainm nua ar Irish Water, mar a leagtar síos san Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2022. Úsáideann an tuarascáil seo na téarmaí Irish Water agus Uisce Éireann de réir mar a theastaíonn sa chomhthéacs.

# Achoimre Fheidhmeach

Bunaíodh an CCU ar an 1 Meitheamh 2018.

Leagadh amach socruithe freagrachta nua d'Uisce Éireann san Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2022 (Uimh. 39 de 2022), a síníodh ina dhlí ar an 7 Nollaig 2022. Mar gheall ar an méid sin, cuirfear deireadh le feidhmeanna comhairleacha agus tuairiscithe an CCU agus tiocfaidh díscaoileadh an CCU i bhfeidhm ón 28 Aibreán 2023. Mar sin, is í seo an ceathrú tuarascáil agus an Tuarascáil Bhliantúil dheireanach ón CCU.

Is í feidhm an CCU ná chun comhairle a thabhairt don Aire ar bhearta atá ag teastáil chun trédhearcacht agus freagracht Uisce Éireann a fheabhsú; agus chun a thuairisciú go ráithiúil chuig Coiste Oireachtais ar fheidhmíocht Uisce Éireann maidir lena Phlean Cistithe Straitéiseach a chur i bhfeidhm.

Roghnaíodh sraith táscairí feidhmíochta chun gníomhaíocht Uisce Éireann a léiriú maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna. Déantar na sonraí maidir leis na táscairí seo a chur i dtoll a chéile agus foilsítear iad mar chuid de na tuarascálacha ráithiúla de chuid an CCU chun eolas maidir le feidhmíocht a chur ar fáil. Baineann an t-eolas seo le hUisce Éireann é féin, chun a fheidhmíocht thar thréimhse ama a mheas, ach chun an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an tOireachtas a chur ar an eolas freisin maidir le feidhmíocht Uisce Éireann. Rinneadh mionchoigeartú ar na táscairí seo in 2021 agus mar sin bhí táscairí athcheartaithe mar chuid de thuarascálacha 2022.

Leagtar amach feidhmeanna an CCU i gCuid a Seacht den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2017, ar féidir iad a léamh ar shuíomh Leabhar Reachtanna na hÉireann:
**http://www.irishstatutebook.ie**

Is cáipéis phoiblí é Plean Cistithe Straitéiseach Uisce Éireann agus tá sé ar fáil ar shuíomh Uisce Éireann: **www.water.ie**

Ullmhaítear gach tuarascáil don Oireachtas agus foilsítear iad ar shuíomh an CCU:
**www.wateradvisorybody.ie**

# Ballraíocht an CCU agus tinreamh ag cruinnithe

De réir na reachtaíochta, tá íosbhallraíocht de chúigear ball ag an CCU.

Tá raon leathan saineolais ag na baill atá ceaptha ar an CCU, lena n-áirítear rialachán, dlí, tomhaltóirí, iniúchadh agus timpeallacht. Ag deireadh 2022, bhí ceithre chomhalta boird ar an CCU, chomh maith le ball eatramhach don GCC.

Is iad seo a leanas na baill reatha agus dátaí a gceapacháin:

| | | Ceaptha | Deireadh an Téarma |
|---|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | Paul McGowan | 01/06/2018 | 28/04/2023 |
| **Baill** | Miriam McDonald | 14/12/2018 | 28/04/2023 |
| | Martin Sisk | 14/12/2018 | 28/04/2023 |
| | Michelle Minihan | 28/11/2019 | 11/11/2022 |
| | Dónal Purcell | 06/11/2020 | 28/04/2023 |
| **Ball eatramhach** | Noel Byrne | 14/11/2022 | 28/04/2023 |

## Tinreamh ag cruinnithe le linn 2022

| Ball | 20/01 | 17/02 | 10/03 | 14/04 | 18/05 | 08/06 | 13/07 | 02/09 | 13/09 | 18/10 | 10/11 | 14/12 | Iomláin |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Paul McGowan** | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | **12** |
| **Miriam McDonald** | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Níl | Sea | Sea | Sea | **11** |
| **Martin Sisk** | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | **12** |
| **Michelle Minihan** | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Níl i gCeist | **11** |
| **Dónal Purcell** | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | **12** |
| **Noel Byrne** *(ball eatramhach GCC)* | Níl i gCeist | Níl i gCeist | Níl i gCeist | Níl i gCeist | Níl i gCeist | Níl i gCeist | Níl i gCeist | Níl i gCeist | Níl i gCeist | Níl i gCeist | Níl i gCeist | Sea | **1** |

# Beathaisnéisí na mBall



**Paul McGowan** *Cathaoirleach*

## Paul McGowan, Cathaoirleach

**Dátaí Téarma:** ***1 Meitheamh 2018 –28 Aibreán 2023***

Tá an Dr McGowan ina Choimisinéir leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais ó 2013 agus bhí sé ina Chathaoirleach idir Feabhra 2017 agus Feabhra 2020.

Is iad rialú uisce agus sábháilteacht fuinnimh a phríomhfhreagrachtaí san CRF. Thosaigh Paul leis an CRF in 2000 agus d'oibrigh sé mar Stiúrthóir Sábháilteachta, Stiúrthóir Margaí Fuinnimh Uile-Oileáin, Ceannasaí Gáis agus Anailísí Sinsearach (i Rialú Gáis agus Margaí Leictreachais).

Sular thosaigh sé leis an CRF, d'oibrigh Paul san earnáil ola & gáis amach ón gcósta, san earnáil oideachais agus san earnáil tógála. Is é Suirbhéir Cairte an ghairm atá ag Paul agus PhD aige sa Tógáil/Bainistiú Innealtóireachta.



**Miriam McDonald**

## Miriam McDonald

**Dátaí Téarma:** ***14 Nollaig 2018 – 28 Aibreán 2023***

Is Stiúrthóir Margaíochta/Saineolaí Barr Feabhais Custaiméara cumasach proifisiúnta í Miriam McDonald agus tá taithí shuntasach aici. D'oibrigh sí i réimse leathan earnálacha ón tseirbhís ghairmiúil go dtí an earnáil gnólacht le gnólacht. Tá taithí faoi leith aici i réimse na bhfóntas toisc tar éis di oibriú mar Cheannasaí Bainistíochta Custaiméara, BSL agus mar Shaineolaí Cumarsáide d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann maidir le fuinnimh náisiúnta agus trialacha gáis. I dtaca leis sin, chuidigh sí le sraith comhlachtaí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, foinsí in-athnuaite fuinnimh agus inbhuanaitheacht.



**Martin Sisk**

## Martin Sisk

**Dátaí Téarma:** ***14 Nollaig 2018 – 28 Aibreán 2023***

Is Dlíodóir é Martin Sisk agus tá céim Bhaitsiléir Dlí aige. Tar éis dó obair a dhéanamh do na Coimisinéirí Ioncaim, chaith sé an chuid is mó dá ghairm sa Rialachán airgeadais agus eile mar Chláraitheoir na gCara-Chumann agus i ndiaidh sin mar oifigeach sinsearach i mBanc Ceannais na hÉireann. D'oibrigh sé mar Chathaoirleach ar Árachas Sláinte Saorálach agus tá sé ina Chathaoirleach ar an Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (UMICÉ) faoi láthair.

# Beathaisnéisí na mBall (ar lean)



Michelle Minihan

## Michelle Minihan

### Dátaí Téarma: *28 Samhain 2019 – 11 Samhain 2022*

Thosaigh an Dr. Minihan leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in Aibreán 2018, áit a ndearna sí bainistíocht ar an bhfoireann uisce ólacháin san Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil. Bhí sé mar fhreagracht ag Michelle rialú a dhéanamh ar Irish Water, ag cinntiú gur chloígh caighdeán an uisce ólacháin sa soláthar poiblí i bPoblacht na hÉireann le riachtanais reachtúla.

Ba bhall í an Dr. Minihan den Sainghrúpa AE um Uisce Ólacháin agus d'oibrigh sí ar athmhúnlú na Treorach maidir le hUisce Óil.

Tar éis di a PhD sa Cheimic ag Ollscoil Luimnigh a chríochnú, d'oibrigh an Dr. Minihan sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí sular thosaigh sí leis an Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ), áit ar oibrigh sí ar feadh 10 mbliana i bpoist éagsúla. Thosaigh an Dr. Minihan mar Stiúrthóir Iniúchta, Eachtraí agus Fiosrúcháin leis an ÚSBÉ i Samhain 2022.



Dónal Purcell

## Dónal Purcell

### Dátaí Téarma: *6 Samhain 2020 – 28 Aibreán 2023*

Tá céim Bhaitsiléir Eolaíochta & Oideachais ag Dónal Purcell. D'oibrigh sé i réimsí an Oideachais, Forbartha Áitiúla, Rialtais Áitiúil agus tá sé ina Phríomhcheannasaí leis an bhFóram Uisce - The Water Forum.

Bunaíodh an Fóram Uisce mar chomhlacht reachtúil i Meitheamh 2018 chun rannpháirteachas agus díospóireacht le páirtithe leasmhara a éascú maidir le fadhbanna a bhaineann le huisce mar acmhainn, caighdeán uisce, fadhbanna a bhaineann le custaiméirí Uisce Éireann agus fadhbanna a bhaineann le feidhmiú na Creat-Treorach Uisce. Tá 26 ionadaí ó raon leathan eagraíochtaí a bhfuil baint dhíreach acu le fadhbanna maidir le caighdeán uisce ag an bhFóram.



Noel Byrne

## Noel Byrne - Ball eatramhach GCC

### Dátaí Téarma: *14 Samhain 2022 – 28 Aibreán 2023*

Tá Céim ag Noel san Eolaíocht Talmhaíochta agus tá Céim Mháistreachta aige i Riarachán Gnó. Thosaigh Noel leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) in 2001 agus d'oibrigh sé go príomha san Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil (OFC), agus maoirsiú á dhéanamh aige ar rialachán i roinnt mhaith earnálacha. Chuaigh Noel chun cinn sa GCC agus bainisteoir cláir anois é don fhoireann um Chosaint Raideolaíoch, Uisce Ólacháin agus Forfheidhmiú fuíolluisce san OFC.

Tá sé de fhreagracht ag an clár seo na Rialacháin maidir leis an Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991 (Iarratas Údaraithe agus Táillí), 2019 (I.R. 34 de 2019), Rialacháin Uisce Ólacháin, 2014, agus údarú cóireáil fuíolluisce uirbeach a chur i bhfeidhm.

# Táillí

Is baill ex-officio triúr ball den CCU, an Cathaoirleach san áireamh, rud a chiallaíonn nach bhfaigheann siad táille.

Is é €5,985.00 an táille bhliantúil, atá iníoctha le baill an CCU a bhfuil táille dlite dóibh.

Cuireann an CCU an prionsabal "duine amháin tuarastal amháin" i bhfeidhm maidir le híocaíocht tháillí na mball d'fhostaithe Éireannacha sa tseirbhís phoiblí.

Íoctar na táillí taistil agus na costais chothaithe a thabhaítear ag bunrátaí seirbhíse poiblí. Tá na rátaí atá infheidhme in 2022 ar fáil ag **www.revenue.ie/en/employing-people/employee-expenses/travel-and-subsistence/index.aspx**

# Gníomhaíochtaí

Bhí 12 chruinniú boird ag an CCU in 2022.

**Foilsítear miontuairiscí na gcruinnithe ag www.wateradvisorybody.ie**

Bhuail an CCU le cúpla comhlacht agus gníomhaireacht in 2022, lena n-áirítear Uisce Éireann agus oifigigh ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta, ón gCoimisiún um Rialáil Fóntais, ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus ón bhFóram Uisce.


In 2022, d'fhoilsigh an CCU trí thuarascáil maidir lena fheidhm athbhreithnithe ar fheidhmiú a Phlean Cistithe Straitéiseach ó Uisce Éireann:

- Tuarascáil Ráithiúil CCU Uimh. 1 de 2022
- Tuarascáil Ráithiúil CCU Uimh. 2 de 2022
- Tuarascáil Ráithiúil CCU Uimh. 3 de 2022

Foilsíodh Tuarascáil Ráithiúil CCU Uimh. 4 de 2022 i Márta 2023.

Ar an 5 Bealtaine 2022, d'fhoilsigh an CCU Tuarascáil ar Shuirbhé ar Chustaiméirí Uisce Éireann.

Ar an 15 Nollaig 2022, thug an CCU Comhairle don Aire maidir le Creat Rialála Uisce Éireann, i gcomhréir lena fheidhm reachtúil faoi alt 44(1)(a) den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2017.




## Tuarascáil Ráithiúil CCU 1 de 2022

**Ba í seo an naoú tuarascáil ráithiúil arna foilsiú ag an CCU, agus ba í an chéad tuarascáil in 2022 í maidir lena fheidhm i ndáil le hathbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Phlean Cistithe Straitéiseach Uisce Éireann.**

Is í feidhm an CCU ná comhairle a thabhairt don Aire ar bhearta atá ag teastáil chun trédhearcacht agus freagracht Uisce Éireann a fheabhsú, agus chun feidhmíocht Uisce Éireann maidir lena Phlean Ciste Straitéiseach a chur i bhfeidhm a thuairisciú go ráithiúil chuig Coiste Oireachtais. Roghnaíodh sraith táscairí feidhmíochta le haghaidh na feidhme seo chun gníomhaíocht Uisce Éireann a léiriú maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna.

Déantar na sonraí maidir leis na táscairí seo a chur i dtoll a chéile agus foilsítear iad mar chuid de na tuarascálacha ráithiúla de chuid an CCU chun eolas oibiachtúil maidir le feidhmíocht a chur ar fáil.

Baineann an t-eolas seo le hUisce Éireann é féin, chun a fheidhmíocht thar thréimhse ama a mheas, ach chun an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an tOireachtas a chur ar an eolas freisin maidir le feidhmíocht Uisce Éireann.

Sa Tuarascáil seo, tarraingíodh aird ar athruithe chuig cúig Tháscaire Feidhmíochta agus cuireadh trí Tháscaire Feidhmíochta san áireamh den chéad uair, mar a leanas;

### Táscaire Feidhmíochta 6 – Bristeacha Neamhphleanáilte sa Soláthar Uisce

Déantar monatóireacht ar fheidhmíocht Uisce Éireann chun soláthar leanúnach d'uisce ólacháin glan a chur ar fáil dá chustaiméirí intíre agus idirnáisiúnta leis an méadrach seo. Tarlaíonn bristeacha neamhphleanáilte sa soláthar de bharr pléascadh sna príomhphíobáin uisce nó blocáil sa ghréasán go príomha.

### Táscaire Feidhmíochta 10 – Ceirtleánú le Cóireáil Fuíolluisce

Baineann an méadrach seo le feidhmíocht Uisce Éireann agus líon na gceirtleánú a sceitheann fuíolluisce neamhchóireáilte sa timpeallacht á laghdú aige, lena chinntiú go n-úsáideann Uisce Éireann an t-ioncam a fhaigheann sé le feabhas a chur ar a sheirbhísí dá chustaiméirí agus le comhlíontacht le dlí na hÉireann agus dlí na hEorpa a mhéadú.

### Táscaire Feidhmíochta 13 – Spriocanna Ídithe Fuinnimh

Déantar monatóireacht ar Riachtanas Príomhfhuinnimh Iomlán Uisce Éireann in uaireanta Gigeavata (GWh) leis an méadrach seo. Is é Uisce Éireann an príomhthomhaltóir leictreachais san earnáil phoiblí in Éirinn agus spreagann spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh forbairt agus feidhmiú i straitéisí agus spriocanna éifeachtúlachta agus cabhróidh sé le hUisce Éireann a sprioc éifeachtúlachta fuinnimh a fheabhsú, rud atá i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021.

Is iad seo a leanas cuid de na torthaí ón tuarascáil:

### Sceitheadh

Tomhaiseann an méadrach Sceite an meánmhéid uisce bliantúil a chailltear in aghaidh an lae ar phíopaí an líonra phoiblí agus ar phíopaí soláthair custaiméirí seachtracha leis féin. Chuir Uisce Éireann Córas Bainistíochta Sceite i bhfeidhm chun meastachán, monatóireacht agus aithint níos fearr a dhéanamh ar sceitheadh sa líonra. Úsáideann an CCU an méadrach seo le tomhas a dhéanamh ar fheidhmíocht Uisce Éireann lena chinntiú go gcailltear an líon is lú uisce agus is féidir tríd an líonra dáilte.

### Scéim Céadleighis

Tá Uisce Éireann tar éis a bheith ag obair ar theagmháil a dhéanamh le custaiméirí chun leas a bhaint as an Scéim Céadleighis agus tá litreacha teachtaireachta um Aláram Sruth Leanúnach (ASL) á seoladh go réadmhaoine.

Mar thoradh, tá ardú tar éis teacht ar líon na ndeisiúchán sceite a rinneadh ó L1 2020. Ar an iomlán, tá laghdú ginearálta ar líon na ndeisiúchán sceite a rinneadh faoin scéim ó lár 2016, áfach.

### Liosta um Obair Feabhais (Uisce)

Ní mór d'Uisce Éireann plean gnímh a bheith aige le cóireáil a dhéanamh ar an soláthar uisce ólacháin atá ar an Liosta um Obair Feabhais (LOF). Déanann an CCU monatóireacht ar dhul chun cinn Uisce Éireann maidir lena spriocanna féin a chomhlíonadh chun an soláthar uisce ar an LOF a cheartú, ar liosta é a laghdaíodh faoi thrí ag deireadh R4 2021, i gcomparáid le R3 2021.

### Naisc Seirbhíse Luaidhe Nua

I R4 2021, d'athraigh Uisce Éireann 3,152 nasc seirbhíse luaidhe agus ar an iomlán in 2021, athraíodh 5,900 nasc, rud a bhí os cionn na sprice, 1,500, a socraíodh don bhliain. In ainneoin an mhéid sin, tá moill shuntasach tar éis teacht ar dhul chun cinn nuair a chuirtear i gcomparáid leis an bhforbairt in 2019 é. Tá Uisce Éireann ag súil go mbeidh tuilleadh maoinithe acu le haghaidh naisc seirbhíse luaidhe a athsholáthar in 2022 agus chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh sa limistéar seo.

### Fógraí maidir le hUisce a fhiuchadh


Faoi dheireadh R4 2021, bhí 16,069 duine ar fhógraí uisce fiuchta, rud a bhí níos airde ná an figiúr ag deireadh na ráithe deireanaí, ráithe ina raibh 7,029 duine ar fhógraí uisce fiuchta. Údar imní a bhí i gceist leis an ardú seo agus tá sé ríthábhachtach go leanann Uisce Éireann lena chuid oibre chun líon na ndaoine ar fhógraí uisce fiuchta a laghdú.

I measc na bhforbairtí eile san áireamh sa tuarascáil tá an méid seo a leanas:

### Cáilíocht Uisce Óil i Soláthairtí Poiblí, Tuarascáil 2020

D'fhoilsigh an GCC an Tuarascáil seo ar an 10 Nollaig 2021, tuarascáil a thug measúnú ar an gcáilíocht uisce óil a sholáthraíonn Uisce Éireann i soláthairtí poiblí. D'fhan an chomhlíontacht le caighdeáin mhicrithbhitheolaíocha agus cheimice d'uisce óil ar leibhéal ard ag ráta níos airde ná 99.5%, rud a chiallaíonn go bhfuil an t-uisce i soláthairtí poiblí sábháilte le hól. Tugtar achoimre sa Tuarascáil seo ar na príomhghníomhartha d'Uisce Éireann sa réimse seo lena chinntiú go bhfuil an soláthar seasmhach agus sábháilte sa todhchaí.

Tá gach Tuarascáil Ráithiúil de chuid an CCU ar fáil ag **www.wateradvisorybody.ie**




# Tuarascáil Ráithiúil CCU 2 de 2022

**Ba í seo an deichiú Tuarascáil Ráithiúil a d'fhoilsigh an CCU, agus ba í an dara tuarascáil in 2022 í. Mar aon le gach tuarascáil ráithiúil, pléitear príomhthéamaí atá ag teacht chun cinn maidir le feidhmíocht Uisce Éireann agus déantar machnamh ar mholtaí go dtí an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta agus go dtí an tOireachtas, i gcomhréir le feidhmeanna reachtúla.**

Leag an Tuarascáil béim ar athruithe go dtí 7 as 13 Tháscaire Feidhmíochta agus is údar suntais iad na torthaí seo a leanas:

### Liosta um Limistéir Uirbeacha Tosaíochta (Fuíolluisce)

D'ísligh líon na limistéir tosaíochta ó 148 in 2017 go dtí 92 in 2022. Baineadh naoi limistéar den liosta san uasdátú a tharla i R2 2022, agus cuireadh ceithre limistéar leis.

### Naisc Seirbhíse Luaidhe Nua

Is é sprioc Uisce Éireann le haghaidh 2022 ná níos mó ná 10,000 a athsholáthar agus i R1 2022, cuireadh isteach 1,607 nasc seirbhíse luaidhe nua. Cé gur tháinig moill ar fhorbairt sa réimse seo i gcomparáid le 2019, oibreoidh Uisce Éireann i dtreo sprioc 2022, 10,000, agus bainfidh an scéim leas as buiséad níos mó i mbliana.

### Bristeacha Neamhphleanáilte sa Soláthar Uisce

In 2020, mheas Uisce Éireann go raibh briseadh neamhphleanáilte níos faide ná 12 uair an chloig ag 20.4% de gach réadmhaoin atá ina líonra. Tugadh sprioc d'Uisce Éireann go gcuirfear isteach ar níos lú ná 12% de réadmhaoine sa líonra faoi dheireadh 2024 agus tá Uisce Éireann ar an mbóthar ceart faoi láthair leis an sprioc seo a bhaint amach. Maidir le bristeacha níos faide ná 24 huaire an chloig, tugadh sprioc d'Uisce Éireann go gcuirfear isteach ar níos lú ná 3.6% de réadmhaoin sa líonra faoi dheireadh 2024. Toisc go raibh an céatadán 7.6% in 2020 níos airde ná an bonnlíne 7.19%, níl Uisce Éireann ar an mbóthar ceart faoi láthair chun an sprioc seo a bhaint amach.

### Fógraí maidir le hUisce a fhiuchadh

Faoi dheireadh R1 2022, bhí 13,579 duine ar fhógraí uisce fiuchta, rud atá ina laghdú ón Ráithe roimhe sin (16,069 duine). Bhí 20 as 21 fógra ag deireadh R1 2022 fadtéarmach (níos faide ná 30 lá), áfach, agus b'údar imní é seo don CCU.

### Ceirtleánú gan aon Chóireáil Fuíolluisce

Críochnaigh Uisce Éireann obair ag 15 shuíomh idir 2014 agus 2019, chun líon na gceirtleánú a bhfuil fuíolluisce neamhchóireáilte á sceitheadh acu sa timpeallacht ó thúsphointe 50 in 2013 go dtí 35 suíomh. Tugadh sprioc d'Uisce Éireann chun an uimhir seo a laghdú go dtí náid roimh 2024 agus tá imní ann nach mbainfear an sprioc seo amach sa tréimhse seo.

### Éascaíocht Teagmhála

Sháraigh Uisce Éireann a spriocráta do ghlaochanna tréigthe de 4% le ráta glaochanna tréigthe íseal de 3% agus d'fhreagair sé 82% de ghlaochanna laistigh de 20 soicind in 2020, rud atá i gcomhréir lena fheidhmíocht in 2019. Ba é 85% an sprioc le haghaidh glaochanna freagartha áfach agus ní mór d'Uisce Éireann dul i ngleic leis seo ionas gur féidir leis a sprioc 85% a bhaint amach agus coinneáil leis sna blianta amach romhainn suas go dtí 2024.

### Bainistíocht Uisce Éireann ar Ghearáin ó Chustaiméirí

Cé gur bhain Uisce Éireann scór sástachta custaiméirí de 77% amach in 2020 (méadú 4% ar a scór in 2019), d'ísligh a fheidhmíocht sna méadracha 'bainistíocht ar Ghearáin ó Chustaiméirí' in 2020 agus ba é seo an leibhéal is ísle ónar thuairiscigh Uisce Éireann air seo in 2018. Toisc go bhfuil seirbhís do chustaiméirí ag croílár seachadta fóntais, agus toisc go bhfuil bainistíocht thráthúil, éifeachtach ar ghearáin ina cuid thábhachtach de sheirbhísí do chustaiméirí, is údar díomá é an toradh seo toisc go mbeadh sé réasúnta le bheith ag súil le feabhas bliain i ndiaidh bliana, agus a phróisis gearán ó chustaiméirí á ndaingniú ag Uisce Éireann.

I measc na bhforbairtí eile san áireamh sa tuarascáil tá an méid seo a leanas:

### Suirbhé ar Chustaiméirí Uisce Éireann


D'fhoilsigh an CCU torthaí an tsuirbhé ar chustaiméirí Uisce Éireann ar an 5 Bealtaine 2022. Dhírigh an suirbhé ar chustaiméirí Uisce Éireann i réimsí ina raibh fadhbanna le déanaí lena soláthar uisce agus ar chumarsáid ó Uisce Éireann, maidir le soiléireacht, tráthúlacht, éifeachtúlacht, gairmiúlacht agus eispéireas ginearálta. Rinne an suirbhé iarracht a fháil amach conas ba mhian leis na custaiméirí a ndearnadh suirbhé orthu go rachadh Uisce Éireann i dteagmháil leo.

Is féidir tuilleadh eolais maidir le torthaí an tsuirbhé a fháil ar leathanach 16 den tuarascáil seo.

### Tuarascáil GCC ar Cháilíocht an Uisce Snámha 2021

I mBealtaine 2022, d'fhoilsigh an GCC an Tuarascáil ar Cháilíocht an Uisce Snámha do 2021 agus tháinig feabhas ar cháilíocht an uisce snámha iomlán in 2021. Bhí 144 (97%) de na 148 uisce snámha aitheanta in ann an bunriachtanas "Dóthanach" a bhaint amach nó a shárú. Bhí dhá uisce snámha rangaithe mar "Olc", dhá uisce snámha níos lú ná in 2020, agus tá pleananna bainistíochta i bhfeidhm ag na húdaráis áitiúla chun dul i ngleic leis na fadhbanna.

San áireamh sa Tuarascáil Ráithiúil, tá uasdátuithe ar Thuarascáil Bhliantúil maidir le Measúnú Feidhmíochta Uisce Éireann 2020, Tuarascáil Mhonatóireachta Uimh. 1 i leith Plean Infheistíochta Caipitil an CRF 2020 go 2024 agus Polasaí Díscortha agus Athnasctha Uisce Éireann.




## Tuarascáil Ráithiúil CCU 3 de 2022

**D'fhoilsigh an CCU a aonú Tuarascáil Ráithiúil déag agus a thríú tuarascáil, arb í an tuarascáil dheireanach í in 2022, i Samhain 2022. Sa tuarascáil ghairid seo, leagadh béim ar na hathruithe go dtí 3 as 13 de na Táscairí Feidhmíochta.**

Aithníodh na hathruithe go dtí na socrúcháin freagrachta d'Uisce Éireann sa Bhille um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2022, atá le foilsiú. Mar chuid de na hathruithe seo, tiocfaidh deireadh le feidhmeanna comhairleacha agus tuarascálacha agus tosófar le díscaoileadh an CCU.

Is iad Tuarascáil Ráithiúil Uimh. 4 de 2022, a fhoilseofar go luath in 2023, agus Tuarascáil Bhliantúil 2022 an CCU tuarascálacha deiridh an CCU.

Údar suntais iad na torthaí seo a leanas ón tuarascáil:

### Scéim Céadleighis Saor

D'ísligh líon na ndeisiúchán sceite sa chéad leath de 2021, i gcomparáid leis an tréimhse sé mhí roimhe sin, agus bhí laghdú ar choigilteas iomlán arna mheas ag Uisce Éireann, mar thoradh ar na deisiúcháin sceite a rinne an fóntas agus a rinne na custaiméirí iad féin. Tá laghdú ginearálta tar éis teacht ar líon na ndeisiúchán sceite a rinneadh faoin scéim ó lár 2016 ar aghaidh, nuair a cuireadh muirir uisce baile ar fionraí agus nuair a cealaíodh iad ina dhiaidh sin. In 2021, chuir srianta Covid-19 isteach ar oibríocht na scéime.

## Naisc Seirbhíse Luaidhe Nua

Faoi dheireadh R2 2022, cuireadh 46,116 nasc seirbhíse luaidhe nua isteach, agus bhí 11,411 díobh ina seirbhísí roinnte nó cúlchlóis agus tá 34,705 ina seirbhísí aonair poiblí. Bhí deacrachtaí rochtana ag Uisce Éireann maidir le roinnt seirbhísí roinnte nó cúlchlóis nua a chur isteach, de bharr mífhonn roinnt úinéirí tí chun toiliú a chur ar fáil chun na hoibreacha a dhéanamh. Leanann Uisce Éireann lena theagmháil leis na húinéirí tí seo lena chinntiú go dtarlaíonn na hoibreacha seo ar mhaithe le sláinte phoiblí.

Mhéadaigh an buiséad faoin scéim seo in 2022 agus tá Uisce Éireann ag súil leis go n-ardóidh líon na n-athsholáthar go dtí os cionn 10,000 faoi dheireadh na bliana.

## Fógraí maidir le hUisce a fhiuchadh

Bhain Uisce Éireann a sprioc amach maidir le fáil réidh le gach fógra uisce fiuchta a bhí ann nuair a bunaíodh é in 2014. Is é príomhchúram an CCU anois ná go mbeidh minicíocht níos lú ag fógraí uisce fiuchta amach anseo agus nach mairfidh siad ach tamall gairid.

Údar imní é don CCU go raibh méadú suntasach ar líon na bhfógraí uisce fiuchta ag deireadh Ráithe 2 2022 (31,192), nuair a chuirtear é i gcomparáid leis an ráithe dheireanach (13,579).

# Gníomhaíochtaí Eile

## Cruinnithe

Bhí roinnt cruinnithe ag an CCU nach cruinnithe boird a bhí iontu in 2022. Is mar seo a leanas atá taifead de na sonraí ar an suíomh gréasáin;

**10 Márta 2022**
Cruinniú leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

**2 Meán Fómhair 2022**
Cruinniú le hUisce Éireann.

**13 Meán Fómhair 2022**
Cruinniú leis an bhFóram Uisce.

**18 Deireadh Fómhair 2022**
Cruinniú leis an Rúnaí Cúnta ón Rannóg Uisce, Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta.




## Suirbhé ar Chustaiméirí Uisce Éireann

Críochnaigh an Comhlacht Comhairleach Uisce taighde spriocdhírithe ar chustaiméirí Uisce Éireann agus foilsíodh an tuarascáil ar an 5 Bealtaine 2022.

Bá é an aidhm a bhí ag an suirbhé ná:

1. tuiscint a fháil ar dhearcthaí ar chumarsáid agus teagmháil le custaiméirí ó Uisce Éireann i ndáil le soiléireacht, tráthúlacht, éifeachtúlacht, gairmiúlacht agus eispéireas ginearálta.
2. meastachán a dhéanamh ar an gcaoi ar mhaith le custaiméirí Uisce Éireann (cónaithe agus gnólachtaí araon) go ndéanfaí cumarsáid leo sa todhchaí.

Rinne Core Research an suirbhé a chur i gcrích ar son an CCU. Ba shuirbhé dírithe é seo ar 628 custaiméir cónaithe agus 400 custaiméir gnó i réimsí ina ndearna Uisce Éireann obair chothabhála nó dheisiúcháin le déanaí. Cuireadh an suirbhé i gcrích idir an 26 Deireadh Fómhair agus an 7 Nollaig 2021.

Níl sé i gceist go mbeidh torthaí na tuarascála ionadaíoch ar bhonn náisiúnta, ach tugann siad léargas ar na fadhbanna a bhaineann le sainréimsí áirithe.

### Príomhthorthaí ó Shuirbhé Custaiméara an CCU

Rinne an CCU athbhreithniú ar thorthaí an tSuirbhé Custaiméara agus leagtar na príomhthorthaí amach thíos;

### Bealaí Cumarsáide trína chéile

| | Cónaithe | Gnólachtaí |
|---|---|---|
| **Cé a théann tú i dteagmháil leo nuair a bhíonn fadhb agat** | Údarás Áitiúil – 53%<br>Uisce Éireann – 35% | Údarás Áitiúil – 45%<br>Uisce Éireann – 40% |
| **Cé atá freagrach?** | Údarás Áitiúil – 51%<br>Uisce Éireann – 50% | Údarás Áitiúil – 57%<br>Uisce Éireann – 51% |

*(tugadh cead iliomad freagraí a thabhairt).*

- Tá fadhbanna cumarsáide sothuigthe de bharr an chaidrimh stairiúil idir Uisce Éireann, na húdaráis áitiúla agus custaiméirí. Tá sé sothuigthe freisin i mbristeacha neamhphleanáilte, réimse ina dtugtar tús áite do réiteach na faidhbe.
- Tá cumarsáid éifeachtach tábhachtach i dtéarmaí sástacht custaiméirí. Tarlóidh cumarsáid nach mbeidh chomh maith agus a ba cheart di a bheith de bharr bealaí cumarsáide trína chéile. Tá sé tábhachtach go rachfar i ngleic leis an mearbhall seo. Ba chóir línte teileafóin do chustaiméirí cónaithe agus gnó a fhógairt agus a chur chun cinn.

### Eispéireas Teagmhála

- Gairmiúlacht na foirne aitheanta (51% cónaithe; 61% gnó).
- Freagra agus ath-theagmháil olc (35% cónaithe; 60% gnó).
- Míshástacht maidir leis an éascaíocht a bhaineann le bheith ag plé leis an eagraíocht (60% cónaithe; 58% gnó).
- Míshástacht le soiléireacht an eolais (62% cónaithe; 69% gnó) agus an freagra a tugadh (62% cónaithe; 92% gnó).
- Is iad custaiméirí gnó an t-aon chineál custaiméara a mbíonn orthu íoc as uisce. Seans go míníonn sé sin an fáth go raibh leibhéal míshástachta níos airde acu na ag custaiméirí cónaithe.

- Ar an iomlán, áfach, bhí formhór na gcustaiméirí míshásta lena dteagmháil, leis an bhfreagra a tugadh agus le conas a réitíodh a dteagmháil/gearán. Tá bealaí cumarsáide soiléire, sruth maith eolais idir oibríochtaí agus seirbhísí custaiméirí riachtanach chun riachtanais na gcustaiméirí a shásamh.

### Rochtain ar eolas

Tá an chuma ar an scéal go raibh ar a lán custaiméirí an fhadhb a aimsiú agus réiteach na faidhbe a aimsiú as a stuaim féin.

- ní raibh 79% cónaithe; 83% de chustaiméirí gnó ar an eolas go mbeidh briseadh sa soláthar.
- fuair 45% cónaithe; 72% gnó amach as a stuaim féin gur réitíodh an fhadhb.
- Chomh fada agus is féidir is dea-chleachtas é custaiméirí a chur ar an eolas maidir le briseadh ar an soláthar roimh ré. Mura bhfuil seo indéanta ba chóir amlíne mheasta a chur ar fáil agus a scaipeadh go leathan.
- Aithnítear go bhfuil dúshláin ag baint leis an méid seo, go háirithe nuair nach bhfuiltear ag súil leis an mbriseadh. Sna cásanna sin, tá sé tábhachtach do shástacht na gcustaiméirí an lúb chumarsáide a dhruidim tríd an gcustaiméir a chur an eolas go bhfuil an fhadhb réitithe mar is cuí.

### Freastal Cumarsáide

Faigheann custaiméirí eolas ó Uisce Éireann trí chineálacha meán éagsúla – teilifís, raidió, na meáin chlóite agus na meáin shóisialta *(Na meáin shóisialta: 26% cónaithe; 31% gnó; Fógráin/Bileoga Eolais: 26% cónaithe; 28% gnó).*

B’fhearr le formhór eolas a fháil trí théacs nó trí fhógrán/fógra *(Téacs: 52% cónaithe; 67% gnó; Ríomhphost: 60% gnó; Fógrán/Bileog eolais: 34% cónaithe; 30% gnó).*

- In ainneoin fadhbanna seirbhíse, is cosúil go dtugann seirbhís téacs teachtaireachta “roghnach” modh cumarsáide tapaidh, rud a thugann deis d’uasdátú agus rud a dhruideann an lúb chumarsáide nuair a tharlaíonn briseadh.

### Cumarsáid: Tráthúlacht & Minicíocht

Cé go n-aithnítear nach ndéantar pleanáil ar gach briseadh sa soláthar nó rabhadh a thabhairt faoi roimh ré (mar shampla, fógraí uisce fiuchta nó fadhbanna dídhathaithe uisce), b’fhearr go mór le custaiméirí réamhfhógra a fháil agus uasdátú a fháil chomh fada agus is féidir.

| Fógra is Fearr le Custaiméirí maidir le Cur Isteach | Cónaithe | Gnólachtaí |
|---|---|---|
| | 73% cúpla lá | 85% seachtain |
| | | 53% cúpla lá |

Nuair a thugtar fógra maidir le cur isteach, b’fhearr le custaiméirí cónaithe réamhfhógra a fháil cúpla lá roimh ré, ag méadú go dtí seachtain le haghaidh gnólachtaí. Tá sé tábhachtach a aithint go mbíonn athrá ag teastáil thar bhealaí cumarsáide éagsúla agus ag amanna éagsúla chun lucht féachana leathan a bhaint amach.

## Comhairle don Aire

Thug an CCU comhairle don Aire maidir leis an gCreat Rialála Eacnamaíoch agus Timpeallachta d’Uisce Éireann ar an 15 Nollaig 2022. Tugadh an Chomhairle seo i gcomhréir le feidhm reachtúil an CCU faoi Alt 44(1)(a) den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2017, chun comhairle a thabhairt don Aire ar na bearta atá ag teastáil le feabhas a chur ar thrédhearcacht agus ar fhreagracht Uisce Éireann chun muinín an phobail in Uisce Éireann a mhéadú.

Bunaithe ar thuairimí an CCU agus tar éis bheith i mbun plé leis an GCC, an CRF, agus An Fóram Uisce (AFU), rinne an CCU trí mholadh;

1. Comhghuaillíocht níos dlúithe ar phleanáil infheistíochta caipitil sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta, an CRF, an GCC agus Uisce Éireann.
2. Foráil ceadúnaithe Uisce Éireann ón CRF.
3. Tuilleadh cumhachta chun treorú agus pionós a ghearradh don GCC agus an CRF.

Measann an CCU go bhfuil seo tábhachtach ní hamháin i gcomhthéacs na trédhearcachta, ach i gcomhthéacs fhreagracht Uisce Éireann ar bhealach ríthábhachtach chomh maith.

## Tuarascáil Bhliantúil an CCU

D'fhoilsigh an CCU a chéad Thuarascáil Bhliantúil i mí Bealtaine 2020, ag clúdach na tréimhse ónar bunaíodh é ar an 1 Meitheamh 2018 go Nollaig 2019. Foilsíodh Tuarascálacha Bliantúla maidir le 2020 agus 2021 in Aibreán 2021 agus Aibreán 2022 faoi seach. Clúdaíonn an ceathrú Tuarascáil Bhliantúil agus an ceann deireanach an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2022.

Is cuid d'fheidhm reachtúil an CCU í an tuarascáil bhliantúil. Seoltar an tuarascáil go dtí an tAire Tithíochta, Údaráis Áitiúil & Oidhreachta, an Comhchoiste Oireachtais ar Thithíocht, Rialtas Áitiúil & Oidhreacht agus cuirtear faoi bhráid Thithe an Oireachtais í.

## Suíomh gréasáin

Tá an cháipéisíocht ábhartha ar fad ar shuíomh an CCU, amhail tuarascálacha ráithiúla agus an tuarascáil bhliantúil agus tá siad ar fáil go poiblí. Tá sonraí maidir leis an gComhlacht, baill, cruinnithe agus conas dul i dteagmháil leis an CCU ar fáil ar an suíomh freisin. Tá an suíomh gréasáin ina phríomhfhoinse eolais maidir leis an CCU.

## Na Meáin Náisiúnta

D'oibrigh an CCU chun feasacht an phobail faoi obair agus spriocanna an Chomhlachta a mhéadú. In 2022, eisíodh preasráitis nuair a foilsíodh Tuarascálacha Ráithiúla Uimh.1 agus Uimh. 2 agus Suirbhé ar Chustaiméirí Uisce Éireann. Chuir an CCU na tuarascálacha seo chun cinn go náisiúnta le cúnamh ó pháirtí caidrimh phoiblí. Bhí na tuarascálacha ráithiúla agus a bpríomhtheachtaireachtaí sna meáin náisiúnta agus áitiúla agus ar an raidió roinnt uaireanta.

# Acmhainní

Cuireann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta an fhoireann rúnaíochta ar fad ar fáil a thacaíonn leis an CCU ina chuid oibre ar fad. Ba é €320,000 buiséad an CCU in 2022.

## Caiteachas 2022

Ba é €46,674.88 caiteachas an CCU ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022.

Measann na baill gur léargas fírinneach cóir é an ráiteas caiteachais ar chaiteachas an CCU ónar bunaíodh é.

| Caiteachas | Méid |
|---|---|
| Táillí na mBall (ÁSPC san áireamh) | €13,292.68 |
| Cothabháil an tSuímh Gréasáin | €774.90 |
| Foilsitheoireacht Deisce/Preasráitis | €8,394.75 |
| Suirbhé Custaiméirí | €23,818.95 |
| Eile | €393.60 |
| **Iomlán** | **€46,674.88** |

# Téarmaí Tagartha

Bunaíodh an Comhlacht Comhairleach Uisce (CCU) faoin Acht um Sheirbhísí Uisce, 2017, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2018. Ghlac an CCU le córas rialachais chorparáidigh i gcomhréir le dea-chleachtas. I gcomhréir leis an Acht um Sheirbhísí Uisce, 2017, tá an CCU neamhspléach i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

Is í aidhm an doiciméid seo ná chun téarmaí tagartha an CCU a leagan amach. Ghlac na baill leis na téarmaí tagartha ("TT") sin ar an 5 Deireadh Fómhair 2018 agus rinneadh tuilleadh athbhreithnithe orthu tar éis dhá bhall neamhspléach a cheapadh chuig an gComhlacht.

## 1. Ballraíocht

Beidh cúigear ball ag an CCU arna gceapadh ó fhostaí ón gCoimisiún um Rialáil Fóntais ("CRF"), fostaí ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ("GCC"), ionadaí ón bhFóram Uisce ("AFU"). Ceapfaidh an tAire gach duine acu agus ceapfar dhá bhall tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ("SCP").

Ní féidir ach le baill an CCU freastal ar chruinnithe Boird. Sa chás is nach bhfuil ball buan den CCU in ann freastal ar chruinniú, is féidir leis an mball sin ionadaí a ainmniú óna eagraíocht faoi seach chun freastal ina áit. Sa chás gur ainmnigh an Cathaoirleach ionadaí le freastal ina (h)áit, ní mór do bhall buan den CCU a bheith ina c(h)athaoirleach ar an gcruinniú. D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt d'fhoireann na Rúnaíochta agus daoine eile le freastal ar an gcruinniú, nuair atá sé oiriúnach nó riachtanach.

Maireann ceapacháin chuig an CCU le haghaidh tréimhse suas go cúig bliana. Is féidir síneadh ama eile suas go cúig bliana a chur leis an tréimhse sin.

Sa chás go bhfuil oifig an Chathaoirligh folamh, roghnóidh an tAire ceann de na baill den CCU chun bheith ina c(h)athaoirleach go dtí go gceapann an tAire Cathaoirleach.

## 2. Rúnaíocht an CCU

Cinntíonn Rúnaíocht an CCU go bhfaigheann baill eolas agus páipéir go tráthúil chun tuiscint iomlán agus cheart a fháil ar na fadhbanna.

Tá an Rúnaíocht freagrach as ionduchtú foirmeálta a thabhairt do bhaill nua an CCU agus meantóireacht do bhaill a eagrú nuair is gá le tacaíocht ó Chomhaltaí Boird ex-officio de réir mar is cuí.

## 3. Feidhmeanna Reachtúla an CCU

Leagtar amach an creat reachtúil a rialaíonn an CCU i gCuid 7 den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2017. San Acht sin, leagann alt 43(3) amach go mbeidh an Comhlacht Comhairleach neamhspleách agus a fheidhmeanna á gcur i gcrích aige. Leagtar amach feidhmeanna substainteacha an CCU in alt 44 mar seo a leanas:

a) Comhairle a thabhairt don Aire maidir leis na bearta is gá chun trédhearcacht agus cuntasacht Uisce Éireann a fheabhsú chun an mhuinín atá ag daoine den phobal as Uisce Éireann a mhéadú;

b) Tuarascáil a chur faoi bhráid an Choiste, ar bhonn ráithiúil, maidir le feidhmíocht Uisce Éireann le linn dó a phlean gnó a chur i ngníomh, ag féachaint go háirithe do na nithe seo a leanas:

   a. Seachadadh bonneagair agus laghduithe ar sceitheadh;

   b. Laghdú ar chostas agus feabhsuithe ar éifeachtúlacht;

   c. Feabhsuithe ar cháilíocht uisce, lena n-áirítear deireadh a chur le fógraí um fhiuchadh uisce;

   d. Beartais maidir le soláthar, luach saothair agus foireann; agus

   e. Freagrúlacht i leith riachtanais pobal agus fiontar.

Agus na feidhmeanna thuas á gcur i gcrích acu, braithfidh an CCU ar aschur/ tuarascálacha reatha an GCC, AFU agus CRF chun tuarascálacha a chur le chéile. Chun an méid sin a éascú, foráiltear leis an reachtaíocht, a mhéid a bheidh sé ar comhréir le comhlíonadh a fheidhmeanna, go bhféachfaidh an Comhlacht Comhairleach le comhar riaracháin a áirithiú idir é agus an Coimisiún, an Ghníomhaireacht, Ervia, Uisce Éireann agus an Fóram Uisce. Chun na críche sin, déanfaidh an Comhlacht Comhairleach socruithe ó am go ham, de réir mar is cuí, le comhlacht amháin nó níos mó de na comhlachtaí sin chun na gcríoch seo a leanas –

- Comhar a éascú le linn do na comhlachtaí sin a bhfeidhmeanna, faoi seach, a chomhlíonadh, a mhéid a bhaineann siad le hUisce Éireann;
- Dúbláil ar obair an CCU agus na gcomhlachtaí eile sin a sheachaint;
- A chinntiú, a mhéid is indéanta, go gcomhoibreoidh na comhlachtaí eile sin le chéile sa bhealach is fearr a chuirfidh comhlíonadh a fheidhmeanna ag an gComhlacht Comhairleach chun cinn; agus
- Seasmhacht a chinntiú idir na cinntí arna ndéanamh ag na comhlachtaí sin agus iarracht á déanamh acu feabhas a chur ar thrédhearcacht agus freagracht Uisce Éireann.

## 4. Tuairisciú ar Fhreagrachtaí

Ar bhonn ráithiúil, cuirfidh an CCU tuarascáil faoi bhráid an Choiste Oireachtais iomchuí ar fheidhmíocht Uisce Éireann maidir le cur i bhfeidhm a phlean gnó.

Déanfaidh an CCU, tráth nach déanaí ná an 30ú lá d'Aibreán tar éis na chéad bliana féilire iomláine tar éis lá a bhunaithe, Tuarascáil Bhliantúil de chuid an CCU a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire. Bainfidh an Tuarascáil Bhliantúil le comhlíonadh fheidhmeanna an CCU i rith na tréimhse óna bhunaithe. Chomh maith leis sin, ar an 30 Aibreán gach bliain ina dhiaidh sin, cuirfear tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Aire i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna le linn na bliana féilire roimhe sin. Ní mór don Aire an tuarascáil seo a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

## 5. Feidhmeanna Eile an CCU

Déanfaidh an CCU forbairtí rialachais chorparáidigh (nithe eiticiúla san áireamh) a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an gcomhlacht Stáit a choimeád faoi athbhreithniú, lena chinntiú go dtagann a pholasaithe rialachais chorparáidigh le dea-chleachtas.

Déanfaidh an CCU cinnte go gcloífear le prionsabail agus forálacha a leagadh amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (agus aon chóid rialachais chorparáidigh eile a bhaineann leis).

## 6. Comhlíonadh na bhFeidhmeanna

Is féidir leis an CCU foghrúpaí a bhunú de réir mar is gá chun cabhrú leis a dhualgais a chomhlíonadh. Féadfaidh na grúpaí seo baill a bheith iontu nach baill den CCU iad má tá sainscileanna ag teastáil. Sa chás go mbunaítear foghrúpa:

- cuirtear téarmaí tagartha ar fáil i scríbhinn agus glacfaidh an CCU leo agus déanfar athbhreithniú bliantúil orthu;
- ceapfaidh an CCU a bhaill ar ainmniúchán an Chathaoirligh;
- gheobhaidh an CCU tuarascálacha ón bhfoghrúpa a léiríonn gníomhaíochtaí an fhoghrúpa;
- bainfidh gach prótacal a bhaineann leis an CCU leis an bhfoghrúpa; agus
- cuirfear nótaí de chruinnithe gach foghrúpa ar fáil do gach ball den CCU.

## 7. Córam

Is é triúr ball an córam is gá chun gnó a dhéanamh. Beidh cruinniú de chuid an CCU a thionóltar go cuí ina bhfuil córam i láthair inniúil chun na húdaráis, na cumhachtaí agus lánroghanna de chuid an CCU a úsáid.

## 8. Údarás

Faoi réir an Achta um Sheirbhísí Uisce, 2017, beidh na cumhachtaí riachtanacha ar fad ag an CCU a bhfuil gá leo nó atá oiriúnach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

WAB
Water Advisory Body



**Suíomh gréasáin:** www.wateradvisorybody.ie **Ríomhphost:** info@wab.gov.ie